An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

**IARRATAS AR CHEAD CHUN PÁIRT A GHLACADH SA SEOMRA DO MHIC LÉINN – SCÉIM TIONÓNTACHTAÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL**

**Léigh go cúramach agus freagair gach ceist ábhartha.**

**Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le customerservices@tipperarycoco.ie**

1. Léigh an fhoirm go cúramach agus freagair gach ceist go hiomlán, agus cinntigh go bhfuil na doiciméid uile a luaitear thíos i gceangal leis seo.

2. **Ní mór don** duine a dhéanann iarratas ar chead seomra a fháil ar cíos ó thionónta de chuid na comhairle faoin scéim seo a bheith ina mhac léinn atá ag freastal ar institiúid oideachais tríú leibhéal. Tá earnáil an oideachais tríú leibhéal in Éirinn comhdhéanta d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus de choláistí oideachais - ar a dtugtar institiúidí ardoideachais nó IAOanna le chéile. **Ní mór cruthúnas ar chlárú in institiúid ardoideachais a chruthú.**

3. Ní mór don tionónta agus don mhac léinn araon, a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar an scéim, na foirmeacha agus na dearbhuithe sin atá leagtha amach in Aguisín 2 agus in Aguisín 3 a chomhlánú, a shíniú agus a chur ar ais chuig an gComhairle.'

4. Ba chóir don tionónta agus don mhac léinn araon na foirmeacha agus na dearbhuithe a chur isteach ar leithligh.

5. Ba cheart an t-iarratas a sheoladh chuig **COMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN, OIFIGÍ CATHARTHA, CLUAIN MEALA, CONTAE THIOBRAID ÁRANN** AGUS/NÓ **chuig' customerservices@tipperarycoco.ie**

6. Mura gcuirtear na cáipéisí riachtanacha **UILE** isteach le d'iarratas nó má cuirtear isteach foirm iarratais neamhiomlán, cuirfidh an Chomhairle an t-iarratas ar ais. Ní bhreithneofar an fhoirm iarratais go dtí go bhfaighidh an Chomhairle an t-iarratas agus na cáipéisí riachtanacha go léir.

7. Tabhair faoi deara go bhfuil iarratais ar leith ag teastáil maidir le gach mac léinn aonair i gcásanna ina bhfuil sé ar intinn ag an tionónta níos mó ná seomra amháin a ligean amach ar cíos faoin scéim.

8. Ní mhaireann aon chead a dheonaítear chun páirt a ghlacadh sa scéim seo ach bliain acadúil amháin.

9. **Níl cead** ag an mac léinn atá ag iarraidh seomra a fháil ar cíos an mhaoin a áitiú go dtí go bhfaightear toiliú i scríbhinn ón údarás áitiúil. Mura gcloítear le comhlíonadh, diúltófar an t-iarratas agus beidh ar an mac léinn an mhaoin a fhágáil láithreach. Féadfar rabhadh tionóntachta a eisiúint don tionónta freisin mar gheall ar an gcomhaontú tionóntachta a shárú.

10. De réir Achtanna na dTithe 1966-2021, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi Achtanna na dTithe 1966-2021, féadfaidh an t-údarás áitiúil faisnéis a iarraidh agus a fháil ó údarás áitiúil eile, ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, ón nGarda Síochána, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ó Chomhlacht Tithíochta Ceadaithe i ndáil le háitítheoirí nó áitítheoirí ionchasacha tithíochta údaráis áitiúil. Is féidir go roinnfear do shonraí le comhlachtaí poiblí eile freisin i gcomhréir lenár n-oibleagáid calaois a chosc agus a bhrath.

**11.** Déanfaidh an Chomhairle gach iarratas a bhreithniú agus déanfar cinneadh na Comhairle a dheimhniú i scríbhinn chuig an tionónta/na tionóntaí agus chuig an mac léinn.

**12.** Tabhair faoi deara, le do thoil, go ndéanfar athbhreithniú ar an gcíos difreálach atá iníoctha ag an tionónta/ na tionóntaí tar éis iarratas rathúil a dhéanamh faoin scéim seo le héifeacht ón dáta ar thosaigh an mac léinn ag cónaí san áit chónaithe de réir an chomhaontaithe ceadúnais sínithe.

**13.** Má dheonaítear faomhadh, ní mór don tionónta/do na tionóntaí agus don mhac léinn comhaontú ceadúnais a chomhlánú agus a shíniú. Ní mór cóip a chur ar aghaidh chuig an údarás áitiúil.

**14.** Ní thugann rannpháirtíocht mic léinn sa scéim stádas tionóntachta ná aon chearta áitíochta – níl an mac léinn ina pháirtí sa chomhaontú tionóntachta idir an t-údarás áitiúil agus an tionónta agus ní bheidh aon chearta comharbais aige nó aici maidir leis an tionóntacht.

**15.** Tá do chearta mar ábhar sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ina n-iomláine agus beidh siad leagtha amach go soiléir sna beartais agus sna nósanna imeachta ábhartha um chosaint sonraí don údarás áitiúil a bhfuil d’iarratas á chur isteach agat chuige. Má tá aon cheist agat maidir le do chearta faoin RGCS, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe don údarás áitiúil sin. Cuirfidh an t-údarás áitiúil sonraí ar fáil go díreach maidir le conas do cheist a chur isteach.

**Nóta: Má ghlacann Comhairle Contae Thiobraid Árann leis an bhfoirm seo, ní chiallaíonn sé sin gur tugadh cead do na hiarratasóirí páirt a ghlacadh. Tabharfar formheas nó diúltú cónaithe i scríbhinn don iarratasóir/do na hiarratasóirí.**

**SEICLIOSTA**

**(Doiciméid le cur san áireamh leis an Iarratas ar Chead chun páirt a ghlacadh sa Scéim Seomra Do Mhic Léinn – Scéim Tionónachtaí Údaráis Áitiúil)**

**Déan cinnte go bhfuil gach cuid den fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán agus go bhfuil na míreanna cuí sínithe ag an Iarratasóir/ag na hIarratasóirí agus an an Tionónta/ag na Tionóntaí de réir mar is cuí'**

- Foirm iarratais
- Dearbhú
- Aitheantas Grianghraf i.e. Cóip de Phas reatha/Ceadúnas Tiomána reatha an mhic léinn
- Cruthúnas ar sheoladh reatha an mhic léinn
- Cruthúnas ar chlárú in Institiúid Ardoideachais

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

**Foirm Iarratais agus Dearbhú le comhlánú agus le seoladh ar ais chuig an Údarás Áitiúil ag Tionónta(í)**

| | **Tionónta** | **Comhthionónta** |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Seoladh na maoine | | |
| Uimhir PSP | | |
| Dáta Breithe | | |
| Uimhir Ghutháin Teagmhálaí | | |

Luaigh líon na seomraí codlata sa mhaoin: _______________

Tabhair sonraí, le do thoil, faoi gach ball de theaghlach na dtionóntaí atá ina gcónaí sa mhaoin faoi láthair

| Ainm | Dáta Breithe | Uimh. PSP | Gaolmhaireacht leis an Tionónta |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

Ainm aon mhic léinn/na mac léinn eile atá ag fáil seomra ar cíos sa réadmhaoin faoi láthair:
________________________________________________________________________________

Cén gaol atá agat féin agus/nó ag baill eile de do theaghlach leis an mac léinn?________________________________________________________________________

Tabhair cur síos gairid ar an seomra le ligean i.e. singil/dúbailte, urlár na talún etc.
_________________________________________________________________________________________

Cíos atá beartaithe a ghearradh ar an mac léinn in aghaidh na seachtaine/mí féilire €_____________________

An bhfuil do mhaoin oiriúnaithe go speisialta? Tá/Níl

Tabhair sonraí, le do thoil: __________________________________________________________________

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

**SEOMRA DO MHIC LÉINN – SCÉIM TIONÓNACHTAÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL**

**Dearbhú ó Thionónta/Thionóntaí**

Dearbhaím/dearbhaímid go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a thug mé/a thugamar san iarratas seo fíor agus ceart, agus tuigim/tuigimid go bhféadfaí an t-iarratas seo a chealú mar thoradh ar aon ráiteas bréagach nó míthreorach a sholáthar. Forchoimeádann Comhairle Contae Thiobraid Árann an ceart chun iarratasóir a eisiamh ó bhreithniú má thugann sé faisnéis bhréagach nó má choinníonn sé siar faisnéis ábhartha ar an bhfoirm seo nó ag aon agallaimh ina dhiaidh sin. Geallaimse/geallaimid Comhairle Contae Thiobraid Árann a chur ar an eolas láithreach má thagann aon athrú ar an eolas a chuirtear ar fáil, nó ar mo chúinsí/ár gcúinsí. Údaraímse/an Chomhairle Contae Thiobraid Árann fiosrúcháin riachtanacha a dhéanamh i scríbhinn nó eile maidir le m'iarratas/ár n-iarratas chun an t-eolas a tugadh a fhíorú.

Dearbhaímse/dearbhaímid go nglacfaimid páirt sa Scéim Tithíochta Sóisialta ar Cíos do Mhic Léinn de réir choinníollacha agus oibleagáidí na scéime mar atá sonraithe thíos:

- Go bhfuil an cuntas cíosa i leith na teaghaise thuas lániocta suas go dtí seo agus nach bhfuil aon riaráistí gan íoc.
- Go bhfuil bail mhaith struchtúrach ar an teaghais thuas agus go bhfuil sí á cothabháil ar chaighdeán ard.
- Go bhfuil dóthain áiseanna sláintíochta, cócaireachta agus stórála ag an áit chónaithe thuas agus go bhfuil gach fearas in ord oibre.
- Nach bhfuil an áit chónaithe thuas plódaithe ná go mbeadh sé róphlódaithe trí mo rannpháirtíocht sa scéim seo.
- Nach raibh mé/muid, nó aon bhall de mo theaghlach, ag gabháil d'iompar frithshóisialta agus nach raibh mé/muid riamh faoi réir rabhadh tionóntachta arna eisiúint ag Comhairle Contae Thiobraid Árann maidir le haon sárú ar mo chomhaontú tionóntachta/ár gcomhaontú tionóntachta.
- Maidir le haon díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir mé féin agus an mac léinn a bhfuil seomra ar cíos agam/an scoláire leis/léi, is ceisteanna iad idir mé féin agus an mac léinn mar na páirtithe cuí agus nach bhfuil aon ról ag Comhairle Contae Thiobraid Árann eadráin aon díospóidí.
- Nach ball teaghlaigh é an mac léinn a bhfuil sé i gceist agam/againn seomra a fháil ar cíos leis/léi agus nach bhfuil gaol ar bith eile agam/ag aon duine de mo theaghlach/dá theaghlach leis an mac léinn.
- Nach gcoimeádaim/nach gcoimeádaimid aon phór madraí srianta ag an seoladh thuas.
- Go gcuirfear an seomra/na seomraí atá á gcur ar fáil agam/a ar fáil ar cíos do (a) mac léinn ar fáil don mhac léinn/do na mic léinn a bheidh ceadaithe ag Comhairle Contae Thiobraid Árann amháin.
- Go bhfágfaidh an mac léinn an seomra ag deireadh na bliana acadúla.
- Go gcloífidh mé/muid le téarmaí agus coinníollacha Scéim Seomra na gCoimisinéirí Ioncaim ar Cíos.

Dearbhaímse/dearbhaímid go dtuigim/go dtuigimid gur cion é faoi Alt 32(7) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, dom/d'fhonn an dearbhú seo a dhéanamh má tá sé bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha.

Sínithe:______________________________________________________ Dáta:______________________

Ainm priontála: ___________________________________________________________

**LÉIGH AN DEARBHÚ SEO GO CÚRAMACH AGUS SÍNIGH AGUS AN DÁTA A BHFUIL TÚ SÁSTA GO DTUIGEANN TÚ É**

## Bailiú agus Úsáid Sonraí Pearsanta

Úsáidfear na sonraí GO LÉIR a chuireann tú ar fáil agus an fhoirm seo á líonadh isteach agat (lena n-áirítear aon sonraí pearsanta a chuireann tú isteach) chun measúnú agus riar a dhéanamh ar d'iarratas lena chur san áireamh sa Scéim seo. Ceadaíonn an dlí don údarás áitiúil seo i gcúinsí áirithe do shonraí a roinnt le comhlachtaí poiblí eile. Mar shampla, d'fhéadfaimis do chuid sonraí a roinnt leis an bPríomh-Oifig Staidrimh faoin Acht Staidrimh 1993.

Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi Achtanna na dTithe 1966-2014, féadfaidh an t-údarás áitiúil faisnéis a iarraidh agus a fháil ó eagraíochtaí eile. Áirítear orthu sin údarás áitiúil eile, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, An Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), na Coimisinéirí Ioncaim nó Comhlacht Tithíochta Ceadaithe i ndáil le háititheoirí reatha nó ionchasacha i dtithíocht údaráis áitiúil nó iarratasóirí ar thithíocht údaráis áitiúil. Is féidir go roinnfear do shonraí le comhlachtaí poiblí eile freisin i gcomhréir lenár n-oibleagáid calaois a chosc agus a bhrath.

Tá do chearta mar ábhar sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ina n-iomláine agus tá siad leagtha amach go soiléir i Ráiteas Príobháideachais Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Tá cóipeanna de seo ar fáil ó https://www.tipperarycoco.ie/governance-and-administration/data-access-request/tipperary-county-council-privacy-statement.

Má tá aon cheist agat faoi do chearta faoin RGCS, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ar son Comhairle Contae Thiobraid Árann, nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (CCS). Le haghaidh breis eolais, déan teagmháil le

Teil: 0818 06 5000 Ríomhphost: dataprotection@tipperarycoco.ie

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

**Foirm Iarratais agus Dearbhú le comhlánú agus le cur ar ais chuig an Údarás Áitiúil ag an mac léinn**

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Seoladh reatha | |
| Uimhir PSP | |
| Dáta Breithe | |
| Uimhir Ghutháin Teagmhálaí | |

| | |
|---|---|
| Seoladh na maoine inar mian leat seomra a fháil ar cíos | |
| Ainm an iarratasóra / na n-iarratasóirí | |
| Cén gaol atá agat leis an Tionóntaí/na Tionóntaí agus/nó le baill eile den teaghlach? | |
| An Cíos atá Beartaithe le muirearú | |
| Cén dáta a bhfuil sé i gceist agat dul chun cónaithe sa mhaoin? | |

| | |
|---|---|
| Ainm na hInstitiúide Tríú Leibhéal | |
| Ainm an an chúrsa | |
| An bhliain a chláraítear e.g. céad, dara, triú etc. | |

**Cuir cruthúnas ar chlárú in Institiúid Ardoideachais leis an bhfoirm iarratais seo le do thoil**

| | |
|---|---|
| Ar chuir tú isteach riamh ar thithíocht shóisialta? Má chuir, tabhair sonraí le do thoil | |
| An bhfuil aon chiontuithe coiriúla nó cúisimh choiriúla ar feitheamh agat? Má tá, tabhair sonraí na muirear le do thoil | |

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

**SA SCÉIM SEOMRA DO MHIC LÉINN – SCÉIM TIONÓNACHTAÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL**

**Dearbhú ó Mhic Léinn**

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a thug mé san iarratas seo fíor agus ceart, agus tuigim go bhféadfaí an t-iarratas seo a chealú mar thoradh ar aon ráiteas bréagach nó míthreorach a sholáthar. Forchoimeádann Comhairle Contae Thiobraid Árann an ceart chun iarratasóir a eisiamh ó bhreithniú má thugann sé faisnéis bhréagach nó má choinníonn sé siar faisnéis ábhartha ar an bhfoirm seo nó ag aon agallaimh ina dhiaidh sin.

Geallaim go gcuirfidh mé Comhairle Contae Thiobraid Árann ar an eolas láithreach má thagann aon athrú ar an eolas a cuireadh ar fáil, nó ar mo chúinsí.

Tugaim údarás do Chomhairle Contae Thiobraid Árann fiosrúcháin riachtanacha a dhéanamh i scríbhinn nó eile maidir le m'iarratas/ár n-iarratas chun an t-eolas a tugadh a fhíorú.

Dearbhaímse/dearbhaímid go nglacfaimid páirt sa Scéim Tithíochta Sóisialta ar Cíos do Mhic Léinn de réir choinníollacha agus oibleagáidí na scéime mar atá sonraithe thíos:

- Go bhfuilim mac léinn lánaimseartha in Institiúid Ardoideachais.
- Gur fhéach mé ar an áit chónaithe thuas agus táim sásta go bhfuil dóthain áiseanna sláintíochta, cócaireachta agus stórála ag an áit chónaithe agus go bhfuil sé sásúil do mo chuid riachtanas.
- Nach raibh mé ag gabháil d'iompar frithshóisialta roimhe seo.
- Nár diúltaíodh riamh iarratas ar thithíocht shóisialta ar fhorais iompair fhrithshóisialta.
- Nach bhfuil aon chiontuithe coiriúla ná aon chúiseamh coiriúil ar feitheamh agam.
- Go bhfuil aon díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir mé féin agus an tionónta óna bhfuil seomra ar cíos agam idir mé féin agus an tionónta mar na páirtithe cuí agus nach bhfuil aon ról ag Comhairle Contae Thiobraid Árann in eadráin aon díospóidí.
- Nach duine den teaghlach é an tionónta óna bhfuil sé beartaithe agam seomra a fháil ar cíos agus nach bhfuil aon chaidreamh eile agam leis an tionónta nó le haon duine eile de theaghlach an tionónta.
- Go bhfágfaidh mé an réadmhaoin ag deireadh an téarma acadúil.

Dearbhaím go dtuigim gur cion é faoi Alt 32(7) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, an dearbhú seo a dhéanamh má tá sé bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha.

Sínithe:_______________________________________________________

Ainm priontála:_____________________________________________________

Dáta:_________________

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

**LÉIGH AN DEARBHÚ SEO GO CÚRAMACH AGUS SÍNIGH AGUS AN DÁTA A BHFUIL TÚ SÁSTA GO DTUIGEANN TÚ É**

## Bailiú agus úsáid sonraí pearsanta

Úsáidfear na sonraí GO LÉIR a chuireann tú ar fáil agus an fhoirm seo á líonadh isteach agat (lena n-áirítear aon sonraí pearsanta a chuireann tú isteach) chun measúnú agus riar a dhéanamh ar d'iarratas lena chur san áireamh sa Scéim seo. Ceadaíonn an dlí don údarás áitiúil seo i gcúinsí áirithe do shonraí a roinnt le comhlachtaí poiblí eile. Mar shampla, d'fhéadfaimis do chuid sonraí a roinnt leis an bPríomh-Oifig Staidrimh faoin Acht Staidrimh 1993.

Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi Achtanna na dTithe 1966-2014, féadfaidh an t-údarás áitiúil faisnéis a iarraidh agus a fháil ó eagraíochtaí eile. Áirítear orthu sin údarás áitiúil eile, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, An Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), na Coimisinéirí Ioncaim nó Comhlacht Tithíochta Ceadaithe i ndáil le háititheoirí reatha nó ionchasacha i dtithíocht údaráis áitiúil nó iarratasóirí ar thithíocht údaráis áitiúil. Is féidir go roinnfear do shonraí le comhlachtaí poiblí eile freisin i gcomhréir lenár n-oibleagáid calaois a chosc agus a bhrath.

Tá do chearta mar ábhar sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ina n-iomláine agus tá siad leagtha amach go soiléir i Ráiteas Príobháideachais Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Tá cóipeanna de seo ar fáil ó https://www.tipperarycoco.ie/governance-and-administration/data-access-request/tipperary-county-council-privacy-statement.

Má tá aon cheist agat faoi do chearta faoin RGCS, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ar son Comhairle Contae Thiobraid Árann, nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (CCS). Le haghaidh breis eolais, déan teagmháil le

Teil: 0818 06 5000 Ríomhphost: dataprotection@tipperarycoco.ie